ISSN 0257-9537

**Eagrán Speisialta** *

**15 Eanáir 1997**

# Iris Oifigiúil
# na gComhphobal Eorpach

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Clár Leathanach

*Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach*

Coinbhinsiún ar aontú Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne don Choinbhinsiún ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála agus don Phrótacal ar léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar an gCoinbhinsiún sin, maille leis na hoiriúnuithe a rinneadh orthu leis an gCoinbhinsiún ar aontú Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, leis an gCoinbhinsiún ar aontú na Poblachta Heilléanaí agus leis an gCoinbhinsiún ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile ........ 1

Coinbhinsiún ar aontú Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne don Choinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980, agus don Chéad Phrótacal agus don Dara Prótacal ar léiriú air ag an gCúirt Bhreithiúnais ........ 10



* Faoin tagairt C 15 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúil an Chomhphobail.

*(Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach)*

# COINBHINSIÚN

## ar aontú Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne don Choinbhinsiún ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála agus don Phrótacal ar léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar an gCoinbhinsiún sin, maille leis na hoiriúnuithe a rinneadh orthu leis an gCoinbhinsiún ar aontú Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, leis an gCoinbhinsiún ar aontú na Poblachta Heilléanaí agus leis an gCoinbhinsiún ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile

## BROLLACH

TÁ NA hARDHÁRITITHE CONARTHACHA SA CHONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH,

DE BHRÍ gur ghabh Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne orthu féin, ar theacht dóibh chun bheith ina gcomhaltaí den Aontas Eorpach, aontú don Choinbhinsiún ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála agus don Phrótacal ar léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar an gCoinbhinsiún sin, maille leis na hoiriúnuithe a rinneadh orthu leis an gCoinbhinsiún ar aontú Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, leis an gCoinbhinsiún ar aontú na Poblachta Heiléanaí agus leis an gCoinbhinsiún ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, agus chun na críche sin gur ghabh siad orthu féin dul i gcaibidlí le Ballstáit an Chomhphobail d'fhonn na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh orthu,

ÓS FEASACH DÓIBH go ndearna Ballstáit an Chomhphobail Eorpaigh agus Ballstáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, ar an 16 Meán Fómhair 1988 in Lugano, an Coinbhinsiún ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála a thabhairt i gcrích a leathnaíonn prionsabail Choinbhinsiún na Bruiséile chuig na Stáit a bheidh ina bpáirtithe sa Coinbhinsiún sin,

COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

### TEIDEAL I

### Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

Aontaíonn Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis seo don Coinbhinsiún ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála a síníodh sa Bhruiséil ar an 27 Meán Fómhair 1968 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún 1968' anseo feasta) agus don Phrótacal ar léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar an gCoinbhinsiún sin, a síníodh i Lucsamburg ar an 3 Meitheamh 1971 (dá ngairtear 'Prótacal 1971' anseo feasta), maille leis na hoiriúnuithe agus na leasuithe a rinneadh orthu:

(a) leis an gCoinbhinsiún, a síníodh i Lucsamburg ar an 9 Deireadh Fómhair 1978 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún 1978' anseo feasta), ar aontú Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Bretataine Móire agus Thuaisceart Éireann don Choinbhinsiún ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála agus don Phrótacal ar léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar an gCoinbhinsiún sin;

(b) leis an gCoinbhinsiún, a síníodh i Lucsamburg ar an 25 Dreieadh Fómhair 1982 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún 1982' anseo feasta), ar aontú na Poblachta Heilléanaí don Choinbhinsiún ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála agus don Phrótacal ar léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar an gCoinbhinsiún sin, maille leis na hoiriúnuithe a rinneadh orthu leis an gCoinbhinsiún ar aontú Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;

(c) leis an gCoinbhinsiún, a síníodh in San Sebastián ar an 26 Bealtaine 1989 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún

1989' anseo feasta), ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile don Choinbhinsiún ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála agus don Phrótacal ar léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar an gCoinbhinsiún sin, maille leis na hoiriúnuithe a rinneadh orthu leis an gCoinbhinsiún ar aontú Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus leis an gCoinbhinsiún ar aontú na Poblachta Heilléanaí.

## TEIDAL II

## Oiriúnuithe ar Coinbhinsiún 1968

### *Airteagal 2*

Sa dara mír d'Airteagal 3 de Choinbhinsiún 1968, mar atá arna leasú le hAirteagal 4 de Choinbhinsiún 1978, le hAirteagal 3 de Choinbhinsiún 1982 agus le hAirteagal 3 de Choinbhinsiún 1989, cuirtear na fleasca seo a leanas:

(a) idir an naoú agus an deichiú fleasc:

'— san Ostair: Airteagal 99 den Dlí ar Dhlínse Chúirte (*Jurisdiktionsnorm*,';

(b) idir an deichiú agus an t-aonú fleasc déag:

'— san Fhionlainn: Caibidil 10, Airteagal 1 (1), an dara, an tríú agus an ceathrú habairt den chéad mhír de Roinn 1 de Chaibidil 10 de Chód an Nós Imeachta Bhreithiúnaigh (*oikeudenkäymiskaari/rättegångsbalken*),

— sa tSualainn: an chéad abairt den chéad mír de Roinn 3 de Chaibidil 3 de Chód an Nós Imeachta Bhreithiúnaigh (*rättegångsbalken*),'.

### *Airteagal 3*

In Airteagal 32 (1) de Choinbhinsiún 1968, mar atá arna leasú le hAirteagal 16 de Choinbhinsiún 1978, le hAirteagal 4 de Choinbhinsiún 1982 agus le hAirteagal 10 de Choinbhinsiún 1989, cuirtear na fleasca seo a leanas:

(a) idir an deichiú fleasc agus an t-aonú fleasc déag:

'— san Ostair, an *Bezirksgericht*,';

(b) idir an t-aonú fleasc déag agus an dóú fleasc déag:

'— san Fhionlainn, *käräjäoikeus/tingsrätt*,

— sa tSualainn, an *Svea hovrätt*,'.

### *Airteagal 4*

1. In Airteagal 37 (1) de Choinbhinsiún 1968, mar atá arna leasú le hAirteagal 17 de Choinbhinsiún 1978, le hAirteagal 5 de Choinbhinsiún 1982 agus le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún 1989, cuirtear na fleasca seo a leanas:

(a) idir an deichiú fleasc agus an t-aonú fleasc déag:

'— san Ostair, sa *Bezirksgericht*,';

(b) idir an t-aonú fleasc déag agus an dara fleasc déag:

'— san Fhionlainn, i *hovioikeus/hovrätt*,

— sa tSualainn, sa *Svea hovrätt*,'.

2. In Airteagal 37 (2) de Choinbhinsiún 1968, mar atá arna leasú le hAirteagal 17 de Choinbhinsiún 1978, le hAirteagal 5 de Choinbhinsiún 1982 agus leis an dara mír d'Airteagal 11 de Choinbhinsiún 1989, cuirtear na fleasca seo a leanas:

(a) idir an ceathrú agus an cúigiú fleasc:

'— san Ostair, i gcás achomhairc, trí *Revisionsrekurs* agus, i gcás imeachtaí freasúra, trí *Berufung* lena ngabhann deis athbhreithnithe,';

(b) idir an cúigiú agus an séú fleasc:

'— san Fhionlainn, trí achomharc chuig *korkein oikeus/högsta domstolen*,

— sa tSualainn, trí achomharc chuig *Högsta domstolen*,'.

### *Airteagal 5*

In Airteagal 40 (1) de Choinbhinsiún 1968, mar atá arna leasú le hAirteagal 19 de Choinbhinsiún 1978, le hAirteagal 6 de Choinbhinsiún 1982 agus le hAirteagal 12 de Choinbhinsiún 1989, cuirtear na fleasca seo a leanas:

(a) idir an deichiú agus an t-aonú fleasc déag:

'— san Ostair, chuig an *Bezirksgericht*,';

(b) idir an t-aonú fleasc déag agus an dóú fleasc déag:

'— san Fhionlainn, chuig *hovioikeus/hovrätt*,

— sa tSualainnn, chuig an *Svea hovrätt*,'.

### *Airteagal 6*

In Airteagal 41 de Choinbhinsiún 1968, mar atá arna leasú le hAirteagal 20 de Choinbhinsiún 1978, le hAirteagal 7 de Choinbhinsiún 1982 agus le hAirteagal 13 de Choinbhinsiún 1989, cuirtear na fleasca seo a leanas:

(a) idir an ceathrú agus an cúigiú fleasc:

'— san Ostair, trí *Revisionsrekurs*,';

(b) idir an cúigiú agus an séú fleasc:

'— san Fhionlainn, trí achomharc chuig *korkein oikeus/högsta domstolen*,

— sa tSualainn, trí achomharc chuig *Högsta domstolen*,'.

### *Airteagal 7*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach sna háiteanna iomchuí in ord aimsire sa liosta Choinbhinsiún atá

leagtha amach in Airteagal 55 de Choinbhinsiún 1968, mar atá arna leasú le hAirteagal 24 de Choinbhinsiún 1978, le hAirteagal 8 de Choinbhinsiún 1982 agus le hAirteagal 18 de Choinbhinsiún 1989:

'— an Choinbhinsiún idir Ríocht na Beilge agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú cómhalartach breithiúnas agus ionstraimí barántúla maidir le hoibleagáidí cothabhála, a síníodh i Vín an 25 Deireadh Fómhair 1957,

— an Coinbhinsiún idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú cómhalartach breithiúnas, socraíochtaí agus ionstraimí barántúla in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodhi i Vín an 6 Meitheamh 1959,

— an Coinbhinsiún idir Ríocht ma Beilge agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú cómhalartach breithiúnas, dámhachtaintí eadrána agus ionstraimí barántúla in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh i Vín an 16 Meitheamh 1959,

— an Coinbhinsiún idir Ríocht Aontaithe agus an Ostair le haghaidh aithint agus forghníomhú cómhalartach breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh i Vín an 14 Iúil 1961, maille le Prótacal leasaitheach a síníodh i Londain an 6 Márta 1970,

— an Coinbhinsiún idir Ríocht hÍsiltíre agus an Ostair le haghaidh aithint agus forghníomhú cómhalartach breithiúnas agus ionstraimí barántúla in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh sa Háig an 6 Feabhra 1963,

— an Coinbhinsiún idir an Fhrainc agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú breithúnas agus ionstraimí barántúla in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh i Vín an 15 Iúil 1966,

— an Coinbhinsiún idir Lucsamburg agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú breithiúnas agus ionstraimí barántúla in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh i Lucsamburg an 29 Iúil 1971,

— an Coinbhinsiún idir an Iodáil agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibialta agus tráchtála, socraíochtaí cúirte agus ionstraimí barántúla, a síníodh sa Róimh an 16 Samhain 1971,

— an Coinbhinsiún idir an Fhionlainn, an Íoslainn, an Iorua, an tSualainn agus an Danmhairg ar aithint forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta, a síníodh i gCóbanahávan an 11 Deireadh Fómhair 1977,

— an Coinbhinsiún idir an Ostair agus an tSualainn ar aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta, a síníodh i Stócólm an 16 Meán Fómhair 1982,

— an Coinbhinsiún idir an Ostair agus an Spáinn ar aithint agus forghníomhú breithiúnas, socraíochtaí agus ionstraimí barántúla infhorghníomhaithe in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh i Vín an 17 Feabhra 1984,

— an Coinbhinsiún idir an Fhionlainn agus an Ostair ar aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta, a síníodh i Vín an 17 Samhain 1986.'

TEIDEAL III

**Oiriúnuithe ar an bPrótacal atá i gceangal le Coinbhinsiún 1968**

*Airteagal 8*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal V den Phrótacal atá i gceangal le Coinbhinsiún 1968:

'*Airteagal V*

I bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus i bPoblacht na hOstaire, ní féidir feidhm a bhaint as an dlínse a shonraítear in Airteagail 6 (2) agus 10 i gcaingne ar bharántas nó ar ráthaíocht nó in aon imeachtaí eile tríú páirtí. Féadfar aon duine a bhfuil sainchónaí air i Stát Conarthach eile a agairt i gcúirteanna:

— Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, de bhun Airteagail 68, 72, 73 agus 74 de chód an nós imeachta shibhialta *(Zivilprozessordnung)* maidir le fógraí tríu páirtí,

— Phoblacht na hOstaire, de bhun Airteagal 21 de chód an nós imeachta shibhialta *(Zivilprozessordnung)* maidir le fógraí tríú páirtí.

Déanfar breithiúnais a tugadh sna Stáit Chonarthacha eile de bhua Airteagal 6 (2), nó Airteagal 10 a aithint agus a fhorghníomhú i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus i bPoblacht na hOstaire, de réir Theideal III. Aithneofar mar an gcéanna sna Stáit Chonarthacha eile aon éifeachtaí a bheadh ag breithiúnais a tugadh sna Stáit sin ar thríú páirtithe, de bhun na forálacha atá luaite sa mhír sin roimhe seo a chur i bhfeidhm.'

*Airteagal 9*

Cuirtear an téacs seo a leanas le hAirteagal Va den Phrótacal atá i gceangal le Coinbhinsiún 1968:

'Sa tSualainn, in imeachtaí achoimre maidir le horduithe íocaíochta *(betalningsförelägande)* agus cúiteamh *(handräckning)*, folaíonn an focal "cúirt" seirbhís forghníomhaithe na Sualainne *(kronofogdemyndighet)*.'

*Airteagal 10*

Cuirtear an tAirteagal seo a leanas leis an bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1968:

*'Airteagal Ve*

Measfar freisin gur ionstraimí barántúla de réir bhrí Airteagal 50 (1) den Choinbhinsiún coinbhinsiúin maidir le hoibleagáidí cothabhála arna dtabhairt i gcrích os comhair na n-údarás riaracháin nó arna bhfíordheimhniú acu.'

TEIDEAL IV

**Oiriúnuithe ar Phrótacal 1971**

*Airteagal 11*

Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 1 de Phrótacal 1971, mar atá arna leasú le hAirteagal 30 de Choinbhinsiún 1978, le hAirteagal 10 de Choinbhinsiún 1982 agus le hAirteagal 24 de Choinbhinsiún 1989:

'Beidh dlínse freisin ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun rialú a thabhairt i dtaobh léiriú an Choinbhinsiúin ar aontú Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne do Choinbhinsiún an 27 Meán Fómhair 1968 agus don Phrótacal seo, mar atá arna n-oiriúnú le Coinbhinsiúin 1978, 1982 agus 1989.'

*Airteagal 12*

In Airteagal 2 (1) de Phrótacal 1971, mar atá arna leasú le hAirteagal 31 de Choinbhinsiún 1978, le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún 1982 agus le hAirteagal 25 de Choinbhinsiún 1989, cuirtear na fleasca seo a leanas:

(a) idir an naoú agus an deichiú fleasc:

'— san Ostair: an *Oberste Gerichtshof*, an *Verwaltungsgerichtshof* agus an *Verfassungsgerichtshof*,';

(b) idir an deichiú agus an t-aonú fleasc déag:

'— san Fhionlainn: *korkein oikeus/högsta domstolen*, agus *korkein hallintooikeus/högsta förvaltningsdomstolen*,

— sa tSualainn, *Högsta domstolen, Regeringsrätten, Arbetsdomstolen* agus *Marknadsdomstolen*,'.

TEIDEAL V

**Forálacha idirthréimhseacha**

*Airteagal 13*

1. Ní bheidh feidhm ag Coinbhinsiún 1968 agus Prótacal 1971, mar atá arna leasú le Coinbhinsiún 1978, le Coinbhinsiún 1982, le Coinbhinsiún 1989 agus leis an gCoinbhinsiún seo, ach amháin ar imeachtaí dlíthiúla a thionscnófar agus ar ionstraimí barántúla a tharraingeofar suas go foirmiúil nó a chlárófar tar éis don Choinbhinsiún seo teacht i bhfeidhm sa Stát tionscnaimh agus, i gcás iarratais chun breithiúnas nó ionstraim bharántúil a aithint nó a fhorghníomhú, sa Stát chun a ndéantar an t-iarratas.

2. Déanfar, áfach, breithiúnais a thabharfar tar éis dáta an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm idir an Stát tionscnaimh agus an Stát chun a ndéantar an t-iarratas in imeachtaí a tionscnaíodh roimh an dáta sin a aithint agus a fhorghníomhú de réir fhorálacha Theideal III de Choinbhinsiún 1968 mar atá arna leasú le Coinbhinsiún 1978, le Coinbhinsiún 1982, le Coinbhinsiún 1989 agus leis an gCoinbhinsiún seo i gcás an dlínse a bheith bunaithe ar rialacha a bhí i gcomhréir le forálacha Theideal II de Choinbhinsiún 1968, mar atá arna leasú, nó le forálacha coinbhinsiúin a bhí i bhfeidhm idir an Stát tionscnaimh agus an Stát chun a ndéantar an t-iarratas tráth na n-imeachtaí a thionscnamh.

TEIDEAL VI

**Forálacha críochnaitheacha**

*Airteagal 14*

1. Déanfaidh Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh cóip dheimhnithe de Choinbhinsiún 1968, de Phrótacal 1971, de Choinbhinsiún 1978, de Choinbhinsiún 1982 agus de Choinbhinsiún 1989 sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis a chur chuig Rialtais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

2. Is téacsanna údarásacha faoi na coinníollacha céanna le téacsanna eile Choinbhinsiún 1968, Phrótacal 1971, Choinbhinsiún 1978, Choinbhinsiún 1982 agus Choinbhinsiún 1989 téacsanna Choinbhinsiún 1968, Phrótacal 1971, Choinbhinsiún 1978, Choinbhinsiún 1982 agus Choinbhinsiún 1989 arna dtarraingt suas san Fhionlainnis agus sa tSualainnis.

*Airteagal 15*

Déanfaidh Stáit a shínithe daingniú ar an gCoinbhinsiún seo. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le hArdrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 16*

1. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí tar éis an dáta a dhéanfaidh dhá Stát shínitheacha, ar ceann díobh Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne nó Ríocht na Sualainne, a n-ionstraimí daingniúcháin a thaisceadh.

2. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo in éifeacht do gach Stát sínitheach eile ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh a ionstraime daingniúcháin.

*Airteagal 17*

Cuirfidh Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh in iúl do na Stáit shínitheacha:

(a) taisceadh gach ionstraime daingniúcháin;

(b) dátaí an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm i leith na Stát Conarthach.

*Airteagal 18*

Tarraingíodh an Coinbhinsiún seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis agus comhúdarás ag gach ceann den dá théacs déag; taiscfear é i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus cuirfidh an tArdrúnaí cóip dheimhnithe de chuig Rialtas gach ceann de na Stáit shínitheacha.

Hecho en Bruselas, el veintinueve de noviembre de mil novecientos noventa y seis.

Udfærdiget i Bruxelles, den niogtyvende november nitten hundrede og seksoghalvfems.

Geschehen zu Brüssel am neunundzwanzigsten November neunzehnhundertsechsundneunzig.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις είκοσι εννέα Νοεμβρίου χίλια εννιακόσια ενενήντα έξι.

Done at Brussels on the twenty-ninth day of November in the year one thousand nine hundred and ninety-six.

Fait à Bruxelles, le vingt-neuf novembre mil neuf cent quatre-vingt-seize.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an naoú lá is fiche de Shamhain, míle naoi gcéad nócha a sé.

Fatto a Bruxelles, addì ventinove novembre millenovecentonovantasei.


Gedaan te Brussel, de negenentwintigste november negentienhonderd zesennegentig.

Feito em Bruxelas, em vinte e nove de Novembro de mil novecentos e noventa e seis.


Tehty Brysselissä kahdentenakymmenentenäyhdeksäntenä päivänä marraskuuta vuonna tuhatyhdeksänsataayhdeksänkymmentäkuusi.

Som skedde i Bryssel den tjugonionde november nittonhundranittiosex.


Pour le gouvernement du royaume de Belgique
Voor de Regering van het Koninkrijk België
Für die Regierung des Königreichs Belgien




For regeringen for Kongeriget Danmark




Für die Regierung der Bundesrepublik Deutschland




Για την κυβέρνηση της Ελληνικής Δημοκρατίας




Por el Gobierno del Reino de España



Pour le gouvernement de la République française




Thar ceann Rialtas na hÉireann
For the Government of Ireland




Per il governo della Repubblica italiana




Pour le gouvernement du Grand-Duché de Luxembourg




Voor de Regering van het Koninkrijk der Nederlanden



Für die Regierung der Republik Österreich



Pelo Governo da República Portuguesa




Suomen hallituksen puolesta
På finska regeringens vägnar



På svenska regeringens vägnar



For the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland



## COINBHINSIÚN

**ar aontú Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne don Choinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980, agus don Chéad Phrótacal agus don Dara Prótacal ar léiriú air ag an gCúirt Bhreithiúnais**

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA SA CHONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH,

DE BHRÍ gur ghabh Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne orthu féin, ar theacht dóibh chun bheith ina gcomhaltaí den Aontas Eorpach, aontú don Choinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980, agus don Chéad Phrótacal agus don Dara Prótacal ar léiriú air ag an gCúirt Bhreithiúnais,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

TEIDEAL I

### Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

Aontaíonn Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis seo:

(a) don Choinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún 1980' anseo feasta), mar atá arna oiriúnú agus arna leasú:

— leis an gCoinbhinsiún, a síníodh i Lucsamburg ar an 10 Aibreán 1984 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún 1984' anseo feasta), ar aontú na Poblachta Heilléanaí don Choinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha,

— leis an gCoinbhinsiún, a síníodh in Funchal ar an 18 Bealtaine 1992 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún 1992' anseo feasta), ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile don Choinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha;

(b) don Chéad Phrótacal, a síníodh ar an 19 Nollaig 1988 (dá ngairtear 'Céad Phrótacal 1988' anseo feasta), ar léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach ar an gCoinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha;

(c) don Dara Prótacal, a síníodh ar an 19 Nollaig 1988 (dá ngairtear 'Dara Prótacal 1988' anseo feasta), ag tabhairt cumhachtaí áirithe do Chúirt Bhreithiúnais na gComhpobal Eorpach chun an coinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha a léiriú.

TEIDEAL II

### Oiriúnuithe ar an bPrótacal atá i gceangal le Coinbhinsiún 1980

*Airteagal 2*

Cuirtear an téacs seo a leanas in oinad an Phrótacail atá i gceangal le Coinbhinsiún 1980:

'D'ainneoin fhorálacha an Choinbhinsiúin, féadfaidh an Danmhairg, an tSualainn agus an Fhionlainn a bhforálacha náisiúnta maidir leis an dlí is infheidhme i leith ceisteanna a bhaineann le hiompar earraí ar muir a choinneáil agus féadfaidh siad na forálacha sin a leasú gan cloí leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 23 de Choinbhinsiún na Róimhe. Is iad seo a leanas na forálacha náisiúnta atá infheidhme ina leith sin:

— sa Danmhairg, míreanna 252 agus 321 (3) agus (4) den "Sølov" (an dlí muirí),

— sa tSualainn, Caibidil 13, Airteagal 2 (1) agus (2), agus Caibidil 14, Airteagal 1 (3), de "sjölagen" (an dlí muirí),

— san Fhionlainn, Caibidil 13, Airteagal 2 (1) agus (2), agus Caibidil 14, Airteagal 1 (3), de "merilaki/sjölagen" (an dlí muirí).'

TEIDEAL III

### Oiriúnuithe ar Chéad Phrótacal 1988

*Airteagal 3*

Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach in Airteagal 2 (a) de Chéad Phrótacal 1988:

(a) idir an deichiú fleasc agus an t-aonú fleasc déag:

'— san Ostair: an *Oberste Gerichtshof*, an *Verwaltungsgerichtshof* agus an *Verfassungsgerichtshof*,';

(b) idir an t-aonú fleasc déag agus an dóú fleasc déag:

'— san Fhionlainn: *korkein oikeus/högsta domstolen, korkein hallinto-oikeus/högsta förvaltningsdomstolen, markkinatuomioistuin/marknadsdomstolen* agus *työtuomioistuin/arbetsdomstolen*,

— sa tSualainn: *Högsta domstolen, Regeringsrätten, Arbetsdomstolen* agus *Marknadsdomstolen*,'.

TEIDEAL IV

**Forálacha críochnaitheacha**

*Airteagal 4*

1. Déanfaidh Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh cóip dheimhnithe de Choinbhinsiún 1980, Coinbhinsiún 1984, Céad Phrótacal 1988, Dara Prótacal 1988 agus Coinbhinsiún 1992 sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san lodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis a chur chuig Rialtais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

2. Is téacsanna údarásacha faoi na coinníollacha céanna le téacsanna eile Choinbhinsiún 1980, Choinbhinsiún 1984, Céad Phrótocal 1988, Dara Prótacal 1988 agus Choinbhinsiún 1992 téacsanna Choinbhinsiún 1980, Choinbhinsiún 1984, Céad Phrótacal 1988, Dara Prótacal 1988 agus Choinbhinsiún 1992 arna dtarraingt suas san Fhionlainnis agus sa tSualainnis.

*Airteagal 5*

Déanfaidh Stáit a shínithe daingniú ar an gCoinbhinsiún seo. Taiscfear na hionstraimí daingniúchain le hArdrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 6*

1. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm, amhail idir na Stáit a mbeidh daingniú déanta acu air, ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh na hionstraime daingniúcháin deiridh ag Poblacht na hOstaire, ag Poblacht na Fionlainne nó ag Ríocht na Sualainne agus ag Stát Conarthach amháin a bhfuil daingniú déanta aige ar an gCoinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha.

2. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm do gach Stát Conarthach a dhéanfaidh daingniú air dá éis sin ar an gcéad lá den tríú mí i ndiaidh thaisceadh a ionstraime daingniúcháin.

*Airteagal 7*

Cuirfidh Ardrúnaí Chomhaile an Aontais Eorpaigh in iúl do Stáit shínitheacha an Choinbhinsiúin seo:

(a) taisceadh gach ionstraime daingniúcháin;

(b) dátaí an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm i leith na Stát Conarthach.

*Airteagal 8*

Tarraingíodh an Coinbhinsiún seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis agus comhúdarás ag gach ceann den dá théacs dhéag; taiscfear é i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus cuirfidh an tArdrúnaí cóip dheimhnithe de chuig Rialtas gach ceann de Stáit a shínithe.

Hecho en Bruselas, el veintinueve de noviembre de mil novecientos noventa y seis.

Udfærdiget i Bruxelles, den niogtyvende november nitten hundrede og seksoghalvfems.

Geschehen zu Brüssel am neunundzwanzigsten November neunzehnhundertsechsundneunzig.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις είκοσι εννέα Νοεμβρίου χίλια εννιακόσια ενενήντα έξι.

Done at Brussels on the twenty-ninth day of November in the year one thousand nine hundred and ninety-six.

Fait à Bruxelles, le vingt-neuf novembre mil neuf cent quatre-vingt-seize.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an naoú lá is fiche de Shamhain, míle naoi gcéad nócha a sé.

Fatto a Bruxelles, addì ventinove novembre millenovecentonovantasei.


Gedaan te Brussel, de negenentwintigste november negentienhonderd zesennegentig.

Feito em Bruxelas, em vinte e nove de Novembro de mil novecentos e noventa e seis.


Tehty Brysselissä kahdentenakymmenentenäyhdeksäntenä päivänä marraskuuta vuonna tuhatyhdeksänsataayhdeksänkymmentäkuusi.

Som skedde i Bryssel den tjugonionde november nittonhundranittiosex.


Pour le gouvernement du royaume de Belgique
Voor de Regering van het Koninkrijk België
Für die Regierung des Königreichs Belgien



For regeringen for Kongeriget Danmark




Für die Regierung der Bundesrepublik Deutschland




Για την κυβέρνηση της Ελληνικής Δημοκρατίας



Por el Gobierno del Reino de España




Pour le gouvernement de la République française



Thar ceann Rialtas na hÉireann
For the Government of Ireland




Per il governo della Repubblica italiana




Pour le gouvernement du Grand-Duché de Luxembourg




Voor de Regering van het Koninkrijk der Nederlanden



Für die Regierung der Republik Österreich




Pelo Governo da República Portuguesa




Suomen hallituksen puolesta
På finska regeringens vägnar



På svenska regeringens vägnar



For the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland



**Dearbhú Comhpháirteach**

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

tar éis dóibh téarmaí an Phrótacail atá i gceangal le Coinbhinsiún 1980 na Róimhe, mar atá arna leasú leis an gCoinbhinsiún ar aontú Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne do Choinbhinsiún 1980 agus do Chéad Phrótacal agus Dara Prótacal 1988, a scrúdú,

ag tabhairt dá n-aire go ndearbhaíonn an Danmhairg, an Fhionlainn agus an tSualainn a bhfonnmhaireacht chun a scrúdú cá mhéad a fhéadfaidh siad a áirithiú go mbeidh aon leasú as seo amach ar a ndlí náisiúnta is infheidhme i leith ceisteanna a bhaineann le hiompar earraí ar muir de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 23 de Choinbhinsiún 1980 na Róimhe.